Calafort Phort Láirge
Port of Waterford

Ráitis Airgeadais

Cuideachta Phort Phort Láirge

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Uimhir chláraithe: 299445

Eolas faoin gCuideachta

Na Stiúrthóirí	Des Whelan (Cathaoirleach) (d'éirigh as an 5 Deireadh Fómhair 2022) David Sinnott (a ceapadh an 3 Deireadh Fómhair 2022) Derry O'Sullivan (Cathaoirleach) (d'éirigh as an 12 Nollaig 2021, a athcheapadh an 1 Feabhra 2022) John Kehoe William Johnston (d'éirigh as an 12 Nollaig 2021, a athcheapadh an 1 Feabhra 2022) Joe Dreelan (d'éirigh as an 24 Meitheamh 2022) Marian Walsh (a ceapadh an 1 Feabhra 2022) Karen Hennessy (a ceapadh an 1 Feabhra 2022) Frank Ronan (d'éirigh as an 30 Meán Fómhair 2022)
Rúnaí Cuideachta	Tony McDonnell (resigned 7 February 2022) Brian Moore (appointed 7 February 2022)
Uimhir chláraithe	299445
Oifig chláraithe	An 3ú hUrlár, Rinn na Mara Port Belview Port Láirge
Iniúchóir neamhspleách	Grant Thornton Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla An 6ú hUrlár Penrose One Duga Penrose Corcaigh
Baincéirí	Bainc-Aontas Éireann 72/74 An Ché Port Láirge
Dlíodóirí	MJ O'Connor Solicitors Draighneach Loch Garman

Clár na nÁbhar

	Leathanach
Ráiteas an Chathaoirligh	3 - 5
Tuairisc na stiúrthóirí	6 - 14
An Ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí	15
Tuairisc an iniúchóra neamhspleách	16 - 20
An ráiteas ar ioncam cuimsitheach	21
An clár comhardaithe	22 - 23
An ráiteas ar athruithe sa chothromas	24
An ráiteas ar shreafaí airgid	25
Anailís ar ghlanfhiachas	26
Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais	27 - 44

Níl na leathanaigh seo a leanas ina gcuid de na ráitis airgeadais reachtúla:

Cuntas mionsonraithe brabúis agus caillteanais agus achoimrí	45 - 48

An Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Amhail an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Chuideachta Port Phort Láirge ("Port Phort Láirge"), tugaimid aitheantas d'fhreagracht an Bhoird as a áirithiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tá na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas é a dhíothú ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, ina gcloítear leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tar éis a bheith i bhfeidhm laistigh den Údarás don bhliain dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022 agus anuas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun déileáil le riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag Port Phort Láirge atá comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird, agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Bhuail an CIR le chéile ceithre huaire le linn 2022.

Seachfhoinsíonn Port Phort Láirge a fheidhm iniúchta inmheánaigh, ina ndéantar clár oibre comhaontaithe leis an CIR.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca, lena leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir leis an riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile a mbítear ag dúil lena n-oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca Phort Phort Láirge, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag Port Phort Láirge trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus bearta an lucht bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí os comhair Phort Phort Láirge ;agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheastóireacht agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach de réir mar is gá. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht as oibriú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith. Deimhnímid go bhfuil

timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfaightear na gnéithe seo a leanas:
• rinneadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó a dhoiciméadú,
• sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
• tá córas buiséadaithe iomchuí ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a choinníonn an lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú,
• tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
• tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Phoirt a chosaint.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach (ar lean)

Amhail an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, de réir mar is ábhartha, ar bhonn tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

• Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú

• Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.

• Déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuairiscí feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Port Phort Láirge lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair atá ann faoi láthair, agus gur chloígh Port Phort Láirge leis na nósanna imeachta sin i rith 2022.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag Port Phort Láirge le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú riosca agus um rialú. Múnlaítear faireachán agus athbhreithniú ag Port Phort Láirge ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais le saothar na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre agus an lucht bainistíochta shinsearaigh laistigh de Phort Phort Láirge atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2022.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Ní dhearnadh aon laigí sa rialú inmheánach a shainaithint i ndáil le 2022 a n-éilítear a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Ráiteas an Chathaoirligh

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Cuirfidh an cathaoirleach a ráiteas don tréimhse faoi bhráid.

Réamhrá
Is é Port Phort Láirge an Chuideachta Stáit Tráchtála atá freagrach as oibriú agus forbairt Phort Phort Láirge faoi na hAchtanna Cuanta. Is é an Stát an t-aon scairshealbhóir sa chuideachta.

Is é sainchúram na cuideachta mar atá leagtha síos in Alt 11 den Acht Cuanta 1996 agus faoi bhun Bhunreacht na Cuideachta, a cuan a bhainistiú, a rialú, a oibriú agus a fhorbairt.

Fís
Is é an fhís atá againn a bheith ar an rogha geata lasta le haghaidh Réigiún an Oirdheiscirt.

Ráiteas misin
Is é ár misean bonneagar agus seirbhísí a bhaineann le cúrsaí mara a sholáthar chun trádáil níos glaise agus forbairt eacnamaíoch a chumasú i Réigiún an Oirdheiscirt agus sa Gheilleagar Náisiúnta.

Feidhmíocht
Láimhseáladh 1.67M tona de bhulclasta in 2022, méadú 1% i gcomparáid le 2021 agus 3% faoin mbuiséad don bhliain.
Ba iad tréchur méadaithe na n-ábhar beatha d'ainmhithe, arna chúiteamh ag iompórtálacha laghdaithe stroighne, ba mhó a spreag an méadú foriomlán ar bhulc-thonnáiste a láimhseáladh ag an bPort. Tháinig laghdú ar iompórtálacha leasacháin mar thoradh ar phraghsanna méadaithe ar ghás nádúrtha mórdhíola.
Easpórtáladh 60K tona de bhreosla arna dhíorthú ó dhramhaíl (RDF) in 2022. Tá pleananna ann chun an phunann bhulclasta ag an bPort a éagsúlú amach anseo, agus tá lastas dramh-mhiotail beartaithe ag tús 2023 agus tá acmhainneacht mhaith i gcineál lasta eile.
B'fhiú 47% den láimhdeachas foriomlán in 2022 é láimhdeachas a bhain le bulclasta.

Tháinig laghdú 5% ar ioncam ó ghníomhaíocht coimeádán agus ó ghníomhaíocht ghaolmhar i rith na bliana. Leanann an chuideachta uirthi ag iniúchadh deiseanna chun leathnú breise a dhéanamh ar- seirbhísí lóló d'fhonn leas a bhaint as an gcumas atá ar fáil agus as athruithe i bpatrúin éilimh.

	2022	**2021**
Ló-ló	50K teu	50K teu
Bulclasta	1.67M tona	1.66M tona

Ba é €2.2M an brabús oibriúcháin in 2022 (2021: €1.1M). Tháinig an brabús tar éis cánach chuig €2,107K (2021: €1,144K). Léiríonn an fheidhmíocht airgeadais feabhsuithe trádála ó thaobh páirceála agus trácht long cúrsála de tar éis dheireadh na srianta de bharr Covid-19, mar aon le gnóthachain ó thaobh sócmhainní infheistíochta de tar éis athmheasúnú ar réadmhaoin.

B'ionann infheistíocht i sócmhainní seasta sa bhliain agus €1.0M.

Is ionann an glanbharrachas pinsin anois agus €545K. Tugtar cuntas air sin i gcomhréir le luacháil FRS 102 a d'ullmhaigh achtúirí na scéime amhail an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022. Scoir an chuideachta dá togra foirmiúil maoinithe leis an mBord Pinsean ag deireadh 2020.

Ráiteas an Chathaoirligh

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Forbairt

Tuigeann na Stiúrthóirí tábhacht an Phoirt do gheilleagar Réigiún an Oirdheiscirt agus don tír ina hiomláine. Tá an Bord ag tnúth le raon agus méid na gníomhaíochta poirt a leathnú. Tá suíomh an phoirt, an cumas infhaighte, ár n-oibríochtaí éifeachtúla lucht saothair solúbtha agus an líonra mótarbhealaí agus iarnróid mar bhonn faoin muinín don todhchaí.

Tá an port tar éis bailchríoch a chur lena Mháistirphlean chuig 2044 i gcomhréir le beartas na bport. Éascaíonn an plean ár misean bonneagar agus seirbhísí a sholáthar chun trádáil agus forbairt eacnamaíoch a chumasú sa réigiún go ceann 25 bliain eile.

Is iad na roghanna bonneagair príomhcholún an mháistirphlean atá tagtha chun cinn trí staidéar agus meastóireacht a dhéanamh ar éileamh an mhargaidh, tosca comhshaoil, riachtanais acmhainne agus riachtanais bhainistíochta abhann. Maidir le bainistíocht abhann, thabhaigh Port Phort Láirge costais dreidireachta cothabhála €1.4M in 2022 (2021: €1.2M). Is costas mór é sin agus pléitear sa Mháistirphlean le roghanna agus deiseanna chun an cás sin a bhainistiú agus a mhaolú.
Leanann an Bord ag uasmhéadú rannchuidiú na - sócmhainní nach croí-shócmhainní iad agus machnamh a dhéanamh ar infheistíochtaí eile agus ioncaim fhéideartha a d'fhéadfadh rannchur go dearfach lenár ngníomhaíochtaí agus lenár gcuspóirí.

Freagracht shóisialta chorparáideach Is feasach don Bhord ar fhreagrachtaí sóisialta an Phoirt agus bíonn an gnóthas rannpháirteach ar bhonn gníomhach lenár gcomharsana agus lenár gcomhúsáideoirí sa chuan (cibé acu chun críocha pléisiúir nó gnó é) ar bhealach dearfach agus trédhearcach. Déanaimid ár ndícheall chun tacú leis na pobail ina n-oibrímid ar bhealaí praiticiúla, agus tuigimid go hiomlán an tacaíocht a fhaighimid ar ár seal féin ó na pobail sin.

Oidhreacht an Inbhir

Tá Solas 'Damhán Alla' an Phasáiste ina rabhchán loingseoireachta tábhachtach san inbhear le thart ar 150 bliain anuas. Mar sin féin, tá meath tagtha ar an struchtúr le himeacht na mblianta agus bhí baol mór ann go dtitfeadh sé as a chéile gan mhoill. Chun luach oidhreachta an 'Damháin Alla' a chothú san inbhear, chuir an Port tús le togra chun an struchtúr a neartú agus a chaomhnú. Fuarthas cistiú i bhfoirm deontais ó Chiste Chathair agus Chontae Phort Láirge um Struchtúir Stairiúla.

Síntiúis

Thacaigh an chuideachta leis na tionscadail agus eagraíochtaí pobail seo a leanas in 2022:-

Cumann Úinéirí Bád Phointe na Síge
Féile Winterval
Cumann Oiliúna Seoltóireachta Phort Láirge
Club Seoltóireachta Chuan Phort Láirge
Achainí chiseán na Nollag de chuid WLR
Junior Achievement Ireland

An Úcráin

Cé go bhfuil víreas Covid-19 sa phobal i gcónaí, níl sé leath chomh héifeachtach céanna mar thoradh ar an rath ollmhór a bhí ar an gclár vacsaínithe ar fud na tíre agus tá an geilleagar tagtha ar ais chuige féin, tríd is tríd.
Mar sin féin, d'ionsaigh an Rúis an Úcráin i mí Feabhra 2022, rud a spreag cogadh uafásach atá ag dul ar aghaidh i gcónaí inniu. Rinne an cogadh sin dochar ollmhór do mhuintir na hÚcráine agus do bhonneagar na tíre sin.
Bhí an geilleagar domhanda suaite go maith de dheasca an chogaidh, rud a spreag ardú mór ar

Ráiteas an Chathaoirligh

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

phraghsanna an fhuinnimh agus tráchtearraí amhail grán, ábhair bheatha agus leasachán. Chuaigh sé sin i bhfeidhm go díreach ar bhrabúsacht ár ngnó i bPort Phort Láirge in 2022 agus dealraíonn sé, faraor, go leanfaidh an tionchar sin ar aghaidh in 2023.

Ráiteas an Chathaoirligh

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Buíochas

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le Des Whelan, iar-Chathaoirleach, agus le Frank Ronan, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, as an gceannaireacht agus as an treoir a thug siad do Phort Phort Láirge le hocht mbliana anuas nó mar sin.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh leis an lucht bainistíochta agus leis na fostaithe sa chuideachta a léiríonn go leanúnach cumas agus diongbháilteacht an gnó a chothú agus a fhás go háirithe sa tréimhse chorraitheach dhúshlánach seo.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le mo chomhstiúrthóirí as a gcomhairle agus a dtacaíocht luachmhar i rith 2022.

Ainm Derry O'Sullivan
Cathaoirleach

Dáta

Tuairisc na stiúrthóirí

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022 faoi bhur mbráid.

Príomhghníomhaíochtaí

Ba í príomhghníomhaíocht na cuideachta i gcónaí bainistiú, rialú, oibriú agus forbairt ar Phort Phort Láirge.

Oibríochtaí Mara
Is iad pearsanra an phoirt a dhéanann oibríochtaí mara lena n-áirítear seirbhís píolótaíochta faoi mhaoirseacht an Mháistir Cuain.

Máistir an Chuain a dhéanann an dreidireacht chothabhála fhairsing a eagrú agus a mhaoirsiú.

Oibríochtaí Stíbheadóireachta
Is iad stíbheadóirí ceadúnaithe a dhéanann na bulc-oibríochtaí láimhseála sa phort. Feidhmíonn an chuideachta phoirt féin mar an stíbheadóir le haghaidh gníomhaíochtaí críochfoirt coimeádán.

Sruthanna Ioncaim Eile
Cuireann ioncam carrchlóis ó mhaoin na Cuideachta ar na Céanna Theas i bPort Láirge sruth ioncaim ar fáil don ghnó. Baineadh 12% den acmhainneacht charrchlóis faoi ordú ceannaigh éigeantaigh in 2022. Tá idirbheartaíocht ar siúl i gcónaí le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le cúiteamh faoin ordú ceannaigh éigeantaigh.

Faightear ioncam cíosa ó na foirgnimh oifige ag Belview (Pointe na Mara agus an Foirgneamh Críochfoirt). Iompraítear na maoine sin, agus stoc beag talún forbartha, faoi réadmhaoine infheistíochta ar an gclár comhardaithe.

Tháinig ioncam eisceachtúil chun cinn i ndáil le soláthar bearta shábháilte le haghaidh soitheach a bhí i mbaol a bháite le linn na bliana.

Sláinte & Sábháilteacht

Sláinte

Tá tábhacht le cur chun cinn na sláinte agus na folláine i measc na bhfostaithe ag Port Phort Láirge agus reáchtálaimid roinnt seisiún ar na topaicí sin. Cheap an chuideachta Soláthróir Sláinte Ceirde agus Lia Ceirde. Is ann do 11 garchabhróir a bhfuil teastas acu agus 5 garchabhróir síceolaíoch.

Gníomhaíochtaí a tugadh chun críche in 2022:

- Scrúduithe Dochtúra agus Atreoruithe i measc na foirne
- Athbhreithniú ar chás tar éis timpiste
- Scrúduithe dochtúra roimh fhostaíocht
- Scrúduithe dochtúra ar mharaithe curtha i gcrích (péire in 2022)
- Clár vacsaínithe in aghaidh an fhliú (Samhain 2022)
- Cuireadh suirbhé bonnlíne ar an sláinteachas ceirde i gcrích sa mhonatóireacht statach agus sa mhonatóireacht ar an bpearsanra araon
- Measúnú ar shláinte fostaithe le rannpháirtíocht 80%
- Cuireadh oiliúint ar 6 garchabhróir síceolaíoch
- Tá teastas na ngarchabhróirí cothrom le dáta

Cuideachta Phort Phort Láirge

Tuairisc na stiúrthóirí

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Sláinte & Sábháilteacht (ar lean)

Sábháilteacht

B'éigean garchabhair a thabhairt i dtrí chás, agus b'éigean aon timpiste amháin a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an fostaí ar ais ag an obair arís agus é i mbarr a shláinte.

Bhí an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar an láthair mar chuid de chóras cigireachta ar chalafoirt ar fud na tíre. Rinneadh dhá mholadh agus cuireadh iad sin chun feidhme ina n-iomláine.

Chríochnaigh Port Phort Láirge bliain a trí den iniúchadh athdheimhnithe le NSAI le haghaidh ISO 45001: Córas Sláinte Ceirde agus Bainistíochta Sábháilteachta 2018, gan aon neamhréireachtaí.

Cumarsáid: tionóladh roinnt cruinnithe EHS (Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht) in 2022 (idir choiste inmheánach EHS Phort Phort Láirge agus Fóram EHS Úsáideoirí Calafoirt).

Bíonn ról gníomhach ag Port Phort Láirge i bhFóram Sábháilteachta Chalafoirt na hÉireann agus reáchtáladh clár iomlán imeachtaí le haghaidh Sheachtain Sábháilteachta Náisiúnta na gCalafort i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Acmhainní daonna

Ba é 45 an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta in 2022 (2021: 45).

Míreanna suntasacha

- Chuaigh beirt fhostaithe sheanbhunaithe ar scor i rith na bliana. Tá earcaíocht agus oiliúint iomchuí á cur i bhfeidhm chun tacú le comharbas ordúil.
- Tá printíseach amháin ag gabháil do chlár printíseachta ceirde ag an bport faoi láthair.
- Chomhlíon an chuideachta íoscheanglais na hearnála poiblí maidir le fostaithe faoi mhíchumas faoin Acht um Míchumas 2005.
- Rinneadh iniúchadh inmheánach ar chleachtais acmhainní daonna agus níor tuairiscíodh aon saincheisteanna.

Tá Port Phort Láirge tiomanta dá oibleagáid reachtúil faoin Acht um Chomhionannas um Chearta an Duine in Éirinn 2014 deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint. Is feasach dúinn ár bhfreagracht chun éagsúlacht agus ionchuimsiú a sholáthar san ionad oibre, agus féachaimid le dul i ngleic níos fearr leis an gcothromaíocht inscne laistigh dár lucht saothair.

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Oibríochtúil

Slándáil
Comhlíonann an Port rialacháin SISLC (Slándáil Idirnáisiúnta Saoráidí Long agus Poirt). Rinneadh plean slándála an Phoirt a leasú agus a nuashonrú go hiomlán in 2021 agus d'fhaomh Oifig na Suirbhéireachta Muirí é ina dhiaidh sin.

Rinneadh ceithre dhruil slándála agus cleachtadh slándála poirt amháin sa bhliain mar a cheanglaítear le Cód SISLC.

Rinne an Port idirchaidreamh tráthrialta leis an nGarda Síochána agus le Custaim agus Mál i rith na bliana.

Plean Éigeandála Calafoirt

Rinneadh an plean a leasú agus a nuashonrú i mí Dheireadh Fómhair 2016. Tá sé fós lán-chomhoiriúnach le riachtanais an Chreata Bainistíochta Mór-Éigeandála 2006, agus déanfar athbhreithniú iomlán air in 2023. Coinníonn an Port air i rannpháirtíocht le hoifigigh shinsearacha ó Sheirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh agus Phort Láirge araon, agus bíonn sé i dteagmháil le Seirbhís Tarrthála na Cathrach freisin.

Cibearshlándáil
Tagann Port Phort Láirge faoin gcatagóir 'Oibreoir Seirbhísí Bunriachtanacha' de Threoir NIS 2018 (NIS 1).

Rinneadh uasghrádú agus infheistíocht in oiliúint cibearshlándála agus i ngníomhaíochtaí eile i rith na bliana.

Thuairiscigh an Chuideachta go díreach d'Fhoireann Rannpháirtíochta NCSC, ghlacamar páirt sa Straitéis Náisiúnta maidir leis an gCibearshlándáil, 2019-2024, agus táimid ar an liosta cumarsáide le haghaidh ábhair chibearshlándála ó DECC.

Cúrsaí comhshaoil
Chríochnaigh an Port bliain a trí den iniúchadh athdheimhnithe go rathúil le NSAI le haghaidh Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001:2015, agus níor tugadh aon neamhréireacht faoi deara.

Coinníonn an Port cláir faireacháin ar bun le haghaidh torainn agus deannaigh.

Cuireann an Port spéis i mbithéagsúlacht an Inbhir agus déanann sé Staidéir Éiceolaíochta san Inbhear.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhghníomhaíochtaí bainistíochta comhshaoil in 2022 mar seo a leanas:

• ECOPORTS – tugadh piarmheasúnú LLDB chun críche, agus tháinig moladh ón bpróiseas sin go leanfadh Port Phort Láirge leis an bpróiseas clárúcháin PERS (Córas Athbhreithnithe Comhshaoil an Phoirt).
• ECOMERIT – d'éirigh leis an bPort a dheimhniú a choinneáil.
• Cuireadh tús le hoibreacha ag deireadh 2022 chun an Port a cheangal le córais fionnuisce agus sceite eisiltigh Uisce Éireann. Go dtí go mbeidh an ceangal i mbun oibre, leanfar d'fhionnuisce a fháil ó phoill tóraíochta ar an láithreán agus fanfaidh an córas faireacháin don dá cheadúnas scaoilte

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

(ENV/W/64 agus ENV/W/104) i bhfeidhm.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Rinneadh uasghrádú ar eochairchórais ghnó agus ar mhodúil éagsúla, agus cuireadh leis na seirbhísí idirmhalartaithe leictreonaigh sonraí (EDI) chun comhtháthú níos fearr le tríú páirtithe a chur ar fáil.

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Oibríochtúil (ar lean)

Aeráid agus Inbhuanaitheacht

• Rinne an Bord breithniú gníomhach ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus léirigh an Bord go soiléir go bhfuil sé i gceist aige an Creat a ghlacadh.
• Críochnaíodh measúnú criticiúil ar an Máistirphlean chun tús áite a thabhairt do thionscadal fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta agus do thionscadal dícharbónaithe.
• Coimisiúnaíodh tuarascáil ar an riosca tuilte ag an bPort.
• Tugann an Chuideachta aird ar Phrionsabail an tSoláthair Ghlais agus í i mbun tairisceana agus soláthair.
• Tá Creat maidir le Nochtuithe a bhaineann leis an Aeráid á roghnú ag an gCuideachta faoi láthair, agus tabharfaidh sí aird go nglacfar Creat roimh an sprioc a leagtar síos in CSRD.
• Glacadh páirt i bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí mar thacadóir gnó.
• Ról ambasadóra le scoileanna áitiúla.

Bainistíocht Fuinnimh

• Ghlac an Port le feachtas 'Úsáid níos lú' an rialtais.
• 50% d'fheithiclí an Phoirt, is feithiclí leictreacha iad (2021: 42%).
• Tá an chuideachta ag leanúint ar aghaidh ag tomhas a hídithe fuinnimh ar bhealach gníomhach, trí ghabháil sonraí, tuairisciú, agus oiliúint.
• Tháinig méadú 2% ar shonraí maidir le hídiú fuinnimh i gcás gníomhaíochtaí a rialaítear go hindíreach (astaíochtaí scóip 3) amhail dreidireacht agus cothabháil an tseolbhealaigh mar a thuairiscítear sa tuairisciú bliantúil reachtúil a dhéantar le SEAI maidir le fuinneamh.
• Thaifead an chuideachta an t-ídiú fuinnimh seo a leanas in 2022:

	2022	2021
	GWh	GWh
Leictreachas	**1.47**	1.53
Breoslaí Iontaise (gníomhaíochtaí oibriúcháin)	**0.30**	0.35
Breoslaí In-athnuaite	**0.02**	0.02
Breoslaí Iontaise (dreidireacht agus cothabháil an tseolbhealaigh)	**6.23**	n/b
	8.02	1.90

Bainistíocht feidhmíochta

Is iad seo a leanas na heochairtháscairí feidhmíochta a thuairiscíonn an lucht bainistíochta:
- Faireachán ar thimpistí agus ar imeachtaí agus tuairisciú eile maidir le sláinte agus sábháilteachta.
- Cuntais airgeadais mhíosúla agus costas seachtainiúil agus faisnéis ar thréchur mar aon le heilimintí comparáide.
- Anailís ar mhéideanna/ioncaim de réir na catagóire agus corrlaigh i gcoinne na bliana roimhe agus i gcoinne an bhuiséid.
- Athbhreithniú míosúil faoi gach ceannteideal costais i gcoinne an bhuiséid.

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

- Tomhas ar an lorg carbóin.
- Anailís ar an úsáid acmhainneachta agus ar an áitíocht le haghaidh réadmhaoin ar cíos agus carrchlós.
- Tomhas ar ROCE.
- Faireachán ar staitisticí i ndáil le fostaithe.
- Measúnú ar thréchur an Phoirt i gcomhthéacs treochtaí margaidh náisiúnta.
- Faireachán ar an sreabhadh airgid agus ar shuíomh an chláir chomhardaithe.
- Faireachán ar an infheistíocht caipitil.
- Faireachán ar an bhfeidhmíocht i gcoinne an phlean chorparáidigh.

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Rialachas

Bunaíodh Bord Phort Phort Láirge faoin Acht Cuanta, 1996. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 11 den Acht sin. Beidh an Bord cuntasach don Aire Iompair, agus beidh sí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sí an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Is é an Príomhfheidhmeannach agus an lucht bainistíochta a bheidh i mbun bainistiú, rialú agus treorú -laethúil-i bPort Phort Láirge. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus an lucht bainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach a leagann an Bord, agus caithfidh siad a áirithiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí i ndáil leis an eintiteas, agus maidir le haon rioscaí suntasacha ar dócha go dtiocfaidh siad aníos.

Struchtúr an Bhoird
Cathaoirleach agus cúigear stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, fostaí is stiúrthóir ainmnithe agus an Príomhfheidhmeannach atá ar an mBord, arb é an tAire Iompair a cheapann iad uile. Tionóltar seacht gcruinniú den bhord sa bhliain féilire.
Sa tábla thíos mionsonraítear na sonraí ceapacháin do chomhaltaí a bhí in oifig i rith na tréimhse.

Comhalta Boird	**Ról**	**Dáta ceaptha**	**Dáta éaga**
Frank Ronan	POF	1 Deireadh Fómhair 2015	30 Meán Fómhair 2022
David Sinnott	POF	3 Deireadh Fómhair 2022	2 Deireadh Fómhair 2029
Des Whelan	Cathaoirleach	6 Deireadh Fómhair 2014	5 Deireadh Fómhair 2022
Joe Dreelan	Gnáthchomhalta	25 Meitheamh 2014	25 Meitheamh 2022
William Johnston	Gnáthchomhalta	13 Nollaig 2018	31 Eanáir 2026
John Kehoe	Gnáthchomhalta	2 Iúil 2015	14 Lúnasa 2025
Kevin Hennessy	Gnáthchomhalta	Dé Máirt 1 Feabhra 2022	Dé Domhnaigh 31 Eanáir 2027
Marian Walsh	Gnáthchomhalta	Dé Máirt 1 Feabhra 2022	Dé Domhnaigh 31 Eanáir 2027
Derry O'Sullivan	Gnáthchomhalta Cathaoirleach eatramhach*	13 Nollaig 2018	31 Eanáir 2026
Rúnaithe na Cuideachta:			
Tony McDonnell	Rúnaí Cuideachta	11 Meán Fómhair 2017	7 Feabhra 2022
Brian Moore	Rúnaí Cuideachta	7 Feabhra 2022	N/B

** Ghlac Derry O'Sullivan ról an Chathaoirligh Eatramhaigh an 6 Deireadh Fómhair 2022 go dtí gur cheap an tAire Iompair Cathaoirleach*

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Leasanna Stiúrthóirí

Níl aon leas ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí i scaireanna na cuideachta.

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Freagrachtaí Boird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird sa Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2016, ina bhfaightear freisin na cúrsaí atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh ag an mBord.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní foláir do Bhord Phort Phort Láirge:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm i slí sheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a lua ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Bhord taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais ag aon am le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 27 den Acht Cuanta, 1996.

Tá stiúrthóirí na cuideachta ar an eolas faoina bhfreagrachtaí, faoi ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i dtaobh an leor iad taifid chuntasaíochta na cuideachta ina dtuairim chun is go bhféadtar na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus an bhfuil a bhfreagracht á gcomhlíonadh acu le:

- cur chun feidhme na mbeartas agus nósanna imeachta riachtanacha chun idirbhearta a thaifeadadh,

- pearsanra cuntasaíochta inniúil a fhostú leis an saineolas iomchuí,

- soláthar dóthain acmhainní don fheidhm airgeadais.

Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag seoladh cláraithe na cuideachta, 3ú hUrlár, Pointe na Mara, Port Belview, Port Láirge.

Is é an Bord a bhíonn freagrach as an mbuiséad bliantúil agus an -plean rollach chúig bliana a fhaomhadh. D'fhaomh an Bord an Plean Gnó don tréimhse 2022-2026 agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Iompair é lena fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht Phort Phort Láirge trí thagairt dá phlean gnó agus buiséad bliantúil.

Bíonn an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Phort Phort Láirge ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Phort Phort Láirge amhail an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022.

Tá na stiúrthóirí tiomanta d'ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a choinneáil lena n-áirítear na treoirlínte sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí a chuimsítear leis an gcreat rialachais chorparáidigh:

Cód iompair na stiúrthóirí Tá sé mar aidhm ag an gcuideachta a chinntiú gur feasach do gach stiúrthóir agus go gcomhlíonann

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

siad an cód iompair do stiúrthóirí.

Nósanna imeachta soláthair, fógraíocht agus dámhachtainí conarthaí

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gcuideachta chun a chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte soláthair phoiblí.

Beartas taistil

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gcuideachta chun geilleagar agus éifeachtúlacht caiteachais ar thaisteal oifigiúil a bhaint amach.

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Freagrachtaí an Bhoird (ar lean)

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh
Tagann pacáiste tuarastail agus sochar an Phríomhfheidhmeannaigh faoi réir a dhaingnithe ag an mBord Stiúrthóirí le toiliú ón Aire Iompair arna thabhairt le ceadú an Aire Airgeadais de bhua Alt 35 (5) den Acht Cuanta, 1996.

Nósanna imeachta measúnaithe infheistíochta Tá córais agus nósanna imeachta láidre éifeachtacha i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú de réir mar is iomchuí, le prionsabail, ceanglais agus treoirlínte ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Tugann Phort Phort Láirge aird chuí ar mhúnlaí iomchuí le haghaidh measúnú infheistíochta laistigh dá earnáil, agus féachann sé leis na prionsabail mheasúnaithe airgeadais agus eacnamaíocha dea-chleachtais a fhaightear sa Chód Caiteachais Phoiblí a chur i bhfeidhm chun tograí infheistíochta a mheasúnú agus a bhainistiú.

Nós imeachta chun sócmhainní seasta a dhiúscairt Tá nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil diúscairt sócmhainní nó deonú rochtana ar mhaoin nó ar bhonneagar le haghaidh socruithe tráchtála, e.g. comhfhiontair le tríú páirtithe, ag praghas cothrom- i dtaca leis an margadh.

Socruithe agus ceanglais tuairiscithe Comhlíonann an chuideachta ceanglais tuairiscithe chomhaontaithe na Roinne Iompair agus ranna rialtais eile ar bhealach tráthúil agus cruinn.

Beartas íocaíochtaí le soláthraithe I gcomhréir leis an Acht um Íocaíochtaí Pras Cuntas 1997 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 is é beartas na cuideachta gach creidiúnaí a íoc laistigh de na teorainneacha a fhorordaítear sa reachtaíocht nó sna teorainneacha a comhaontaíodh roimh ré le soláthraithe. Déantar sonraisc a thaifeadadh de réir mar a fhaightear iad, agus eisítear íocaíocht de réir mar is gá chun tráthúlacht a chinntiú. Ionchorpraítear sa chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh cibé rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú.

Coistí

Bhunaigh an Bord trí choiste, mar seo a leanas:

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: triúr comhaltaí den Bhord agus comhalta neamhspleách amháin atá air. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus leis an ráthaíocht ghaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta, agus baineann a théarmaí tagartha féin leis. Cinntíonn an Coiste go sonrach go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is ann do dhá choiste eile laistigh den chuideachta a bhfuil ionadaí ón mbord orthu:
An Coiste Glas agus an Coiste Oidhreachta.

Iniúchadh inmheánach

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Meastar bunú na feidhme iniúchta inmheánaigh a bheith mí-oiriúnach i gcomhthéacs mhéid na heagraíochta. D'fhonn ceanglais an chóid a chomhlíonadh maidir le hiniúchadh inmheánach, tá clár rollach trí bliana (arna fhormheas ag an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca) curtha i bhfeidhm a chuimsíonn gnéithe éagsúla den ghnó. Tá an clár curtha i gcrích, agus tugadh iniúchtaí ar rialuithe inmheánacha agus ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun críche sa chéad ráithe de 2023. Rinneadh gach athbhreithniú ar bhonn neamhspleách. Rinne an Coiste Iniúchóireachta & Riosca athbhreithniú ar gach tuarascáil agus rinne siad tátal, ar bhonn na dtuarascálacha, go raibh na rialuithe a bhí ag oibriú agus an leibhéal comhlíonta sna réimsí sainiúla sin sásúil. Thug an Coiste Iniúchóireachta & Riosca tuairisc dá réir don phríomh-Bhord.

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Rioscaí agus éiginnteachtaí

Coinníonn an chuideachta clár riosca a ndéanann an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air go rialta chomh maith leis an bhfoireann bainistíochta. Is mír bhuan é an riosca ar chlár oibre an bhoird. Chuige seo déantar rioscaí uile na cuideachta a mheas agus a bhainistiú go cuí ar bhonn leanúnach. Dá bhrí sin, coimeádtar na rátálacha iarmharacha ar an gclár riosca ar leibhéal iomchuí agus soláimhsithe i gcomhréir le hinghlacthacht riosca íseal na cuideachta.

Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí

Níor aithníodh aon chostais dlí ná socraíochtaí mar chaiteachas in 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais seo.

Tá baint ag an gcuideachta faoi láthair le cás dlí amháin a bhaineann le díol talún in 2006/2007. Ag an bpointe seo tá toradh an cháis neamhchinnte. D'fhéadfaí go mbainfeadh roinnt costas leis an gcás sin, cé go bhfuil sé neamhphraiticiúil éifeacht airgeadais an cháis a mheas, tásc a thabhairt ar uainiú aon eis-sreafaí nó sonraí a sholáthar i dtaobh na féidearthachta d'aisíocaíocht ar bith ar na costais sin.

Ceangaltais chaipitil

Níl aon cheangaltais chaipitil ábhartha le tuairisciú faoi láthair.

Ráiteas um chomhlíonadh

Ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Port Phort Láirge an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán in 2022.

Torthaí agus díbhinní

B'ionann an brabús don bhliain airgeadais, tar éis cánachais, agus €2,107,440 (2021 - €1,144,327).

Íocadh díbhinn €266,135 in 2022 i ndáil le trádáil 2021.

Cuimsítear roinnt gnóthachain/(caillteanais) neamhoibriúcháin leis an mbrabús don bhliain airgeadais. Áirítear réiteach orthu sin anseo thíos ina gcuirtear i láthair léiriú níos cothroime ar an bhfeidhmíocht trádála agus ar na ceanglais chaipitil oibre atá ag an ngnó.

	2022 €	2021 €
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais	**2,642,950**	928,585
Coigeartuithe neamhoibriúcháin:		
Athluacháil ar réadmhaoin infheistíochta	**(985,000)**	(65,000)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin le sochar sainithe	**(643,178)**	232,946
Cáin a bhaineann le hioncam cuimsitheach eile	**107,668**	(17,204)
Barrachas trádála	**1,122,440**	1,079,327

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Deonacháin pholaitiúla

Ní dhearna Port Phort Láirge aon síntiúis pholaitiúla i rith na bliana.

Tuairisc na stiúrthóirí (ar lean.)

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Forbairt amach anseo

Tá sé i gceist ag an gcuideachta iarratais a chur isteach ar cheadanna pleanála agus urthrá le haghaidh síneadh 250 m lena mbaineann cumas gaoithe in-athnuaite amach ón gcósta ar na céanna bulclasta ag Belview.

Ráiteas maidir le faisnéis iniúchta ábhartha

Dheimhnigh gach duine a bhí ina stiúrthóirí tráth faofa tuarascáil na Stiúrthóirí seo:

- go bhfios don stiúrthóir, níl aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha ann nach feasach d'iniúchóir na Cuideachta fúithi, agus
- tá an stiúrthóir tar éis gach beart ar cheart dó/di a ghlacadh mar stiúrthóir d'fhonn a bheith feasach ar aon fhaisnéis iniúchóireachta ábhartha agus chun a fháil amach gur feasach d'iniúchóir na Cuideachta faoin bhfaisnéis.

Brainsí lasmuigh den stát

Níl aon bhrainsí den chuideachta lasmuigh den Stát.

Teagmhais i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Níor tháinig aon ábhar ná imthosca chun cinn ó dheireadh na tréimhse airgeadais a chuaigh i bhfeidhm go mór nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go mór ar oibríochtaí na cuideachta, ar thorthaí na n-oibríochtaí sin nó ar staid chúrsaí na cuideachta sna blianta airgeadais tar éis na tréimhse airgeadais dar críoch Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022.

Iniúchóir

Leanann an t-iniúchóir, Grant Thornton in oifig i gcomhréir le halt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Thug an bord faomhadh don tuarascáil seo an agus síníodh thar a cheann í.

.....
Derry O'Sullivan (Cathaoirleach)
Stiúrthóir

.....
David Sinnott
Stiúrthóir

An Ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí

Don bhliain airgeadais dar críoch an Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022

Is iad na stiúrthóirí a bhíonn freagrach as Tuairisc na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí agus le rialacháin na hÉireann.

De réir dhlí na gcuideachtaí in Éirinn, éilítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. De réir an dlí sin, bheartaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann”.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin sa chás go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta agus an Ghrúpa amhail ar dháta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas don bhliain airgeadais sin, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014, ar gach bealach eile.

Nuair atá na stiúrthóirí ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear orthu:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú le haghaidh ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach ansin;

- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh ar réasúnta agus stuama iad;

- a lua más amhlaidh gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus nóta a dhéanamh den tionchar a bheadh ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus de na cúiseanna a bhí lena leithéid d’imeacht; agus

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé neamhfhóirsteanach talamh slán a dhéanamh de go leanfar d'fheidhmiú na Cuideachta.

Is iad na Stiúrthóirí a bhíonn freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, nó go gcuireann an Chuideachta faoi deara a leithéid de thaifid a choinneáil, ina mínítear agus ina dtaifeadtar go beacht idirbhearta na Cuideachta, rud a fhágann gur féidir sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a dhéanamh amach ag am ar bith le cruinneas réasúnta, rud a chabhraíonn leo a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus Tuairisc na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014, agus lena gcumasaítear iniúchadh na ráiteas airgeadais. Bíonn siad freagrach chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Bíonn na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a áirítear ar láithreán gréasáin na Cuideachta. D’fhéadfadh sé nach ionann an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

Cuideachta Phort Phort Láirge

.....
Derry O'Sullivan (Cathaoirleach)
Stiúrthóir

.....
David Sinnott
Stiúrthóir

Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do chomhaltaí Chuideachta Phort Phort Láirge

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Chuideachta Phort Phort Láirge, a chuimsíonn an Ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi shreafaí airgid, an Ráiteas faoi athruithe ar chothromas don bhliain airgeadais dar críoch Dé Sathairn 31 Nollaig 2022, agus na nótaí gaolmhara leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais lena n-áirítear FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (An Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis in Éirinn).

Inár dtuairimne, maidir le ráitis airgeadais Chuideachta Phort Phort Láirge:

- tugtar léargas fíor agus cothrom iontu i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail Dé hAoine Dé Sathairn 31 Nollaig 2022 agus ar a fheidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid don bhliain airgeadais dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014 iad.

Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar na freagrachtaí a chuirtear orainn de réir na gcaighdeán sin sa chuid dár dtuairisc “Freagrachtaí an iniúchóra i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais”. Táimid neamhspleách ar an gCuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eitice atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil le haghaidh Iniúchóirí (in Éirinn) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus na breitheanna eiticiúla arna mbunú ag Cuntasóirí Cairte Éireann, arna gcur i bhfeidhm mar a chinntear a bheith oiriúnach sna himthosca don eintiteas. Chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús á thabhairt i leith ár dtuairime.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, rinneamar tátal gurb oiriúnach é úsáid bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh ag na stiúrthóirí d’ullmhú na ráiteas airgeadais.

Ar bhunús na hoibre a rinneamar, níor aithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha i ndáil le himeachtaí ná imthosca a d’fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a thabhairt ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais dá n-eisiúint.

Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do chomhaltaí Chuideachta Phort Phort Láirge

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí, agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do chomhaltaí Chuideachta Phort Phort Láirge (ar lean.)

Faisnéis eile

Is éard atá san fhaisnéis eile ná an fhaisnéis atá sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais féin agus tuairisc ár iniúchóra atá bunaithe orthu sin, lena n-áirítear tuairisc na Stiúrthóirí. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Ní bhaineann ár dtuairim ar na ráitis airgeadais leis an bhfaisnéis, ach amháin sa mhéid agus a shonraítear a mhalairt inár dtuairisc; ní thugaimid aon chineál tátail ráthaíochta air sin.

I ndáil lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é atá mar fhreagracht orainn ná an fhaisnéis eile a léamh agus, de bhun é seo a dhéanamh, plé a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais ná lenár n-eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil ar bhealach eile a bheith míshonraithe go hábhartha. Má dhéanaimid sainaithint ar a leithéid de neamhréireanna ábhartha sna ráitis airgeadais, éilítear orainn a mheas cibé acu an ann do mhíshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ann do mhíshonrú ábhartha san fhaisnéis eile. Má thagaimid ar an gconclúid, bunaithe ar an obair a rinneamar, go bhfuil mí-ráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile, iarrtar orainn tuairisc a thabhairt ar an bhfíric sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

Ábhair a n-éilítear orainn le hAcht na gCuideachtaí, 2014 tuairisciú orthu de réir eisceachta

- Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasaimid a bhí ag teastáil uainn chun críche ár n-iniúchta.
- Táimid den tuairim gur leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

- Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuairisc na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Bunaithe go hiomlán ar an obair a rinneadh le linn ár n-iniúchta, is amhlaidh inár dtuairimne a ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Ábhair a n-éilítear orainn tuairisciú orthu de réir eisceachta

Bunaithe ar ár n-eolas agus ár dtuiscint ar an gCuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas i gcúrsa an iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíshonruithe ábhartha i dTuairisc na Stiúrthóirí.

Éilítear orainn le hAcht na gCuideachtaí, 2014 tuairisciú daoibh sa chás, inár dtuairimne, nach ndearnadh luach saothair na stiúrthóirí ná na hidirbhearta arna sonrú in ailt 305 go 312 den Acht a nochtadh. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn i leith an dualgais sin.

Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do chomhaltaí Chuideachta Phort Phort Láirge (ar lean.)

Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus iad siúd atá freagrach as rialachas ar na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí, bíonn na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fíor agus cothrom i gcomhréir leis an mBeartas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn, lena n-áirítear FRS102, as cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, is é an lucht bainistíochta a bhíonn freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus nochtadh a dhéanamh de réir mar is infheidhme, ar ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid a bhaint as an mbunús cuntasaíochta gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé ar intinn ag an lucht bainistíochta an Chuideachta a leachtú, nó gan aon mhalairt réalaíoch a bheith acu ach é sin a dhéanamh.

Is iad an dream atá i gceannas ar rialachas a bhíonn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais na Cuideachta.

Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do chomhaltaí Chuideachta Phort Phort Láirge (ar lean.)

Freagrachtaí an iniúchóra i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais

